

Post oscailte

Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, An Rannóg Acmhainní Daonna (Oibríochtaí AD)

Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, Post Lánaimseartha Trí Bliana ar Théarma
Seasta

—

Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais
Dé hAoine 31 Deireadh Fómhair 2025

...

Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífead leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (NMI)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar **Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (AOF), Acmhainní Daonna (Oibríochtaí AD)**, a líonadh a bheidh lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7. Is conradh trí bliana ar théarma seasta é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

Cuspóir an Phoist

Beidh an AOF freagrach, i gcomhar leis an gCeannasaí AD, as tacaíocht ghairmiúil, ceannaireacht agus comhairle a sholáthar do Bhainisteoirí/do Chinn Roinne maidir le dea-chleachtas in Oibríochtaí AD.

Beidh an AOF freagrach as feidhmeanna oibríochtaí AD a bhainistiú lena n-áirítear earcaíocht agus ionduchtú, ionchuir maidir le Párolla AD, riarachán aoisliúntas, idirchaidreamh agus treoracha Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO), iniúchtaí, pointe teagmhála AD le rannóg airgeadais NMI agus tuairisciú/tuairisceáin chuig an máthair-rannóg agus chuig comhlachtaí stáit.

Tá an ról dírithe go príomha ar threoracha chuig an rannóg párolla a bhainistiú agus a mhaoirsiú maidir le foireann agus pinsinéirí NMI agus chuig rannóg párolla na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus comhlíonadh rialachán á chinntiú agus éifeachtúlacht oibríochtúil á feabhsú.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **[Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cáipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.](#)**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.

- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin NMI chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#), aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratas

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
Dé hAoine, 31 Deireadh Fómhair 2025**

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**